# Tóraíocht Teaghlaigh

Sraith tóraíochtaí ar shiúlóidí Gaeltachta forbartha go speisialta do theaghlaigh ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Comhlucht Forbartha na nDéise. Bainigí sásamh astu.

## Gleann Anna

### An Sean Phobal






Tá an tóraíocht seo go hiontach mar shiúlóid aclaí, mar thuras beag go dtí an tráigh chun clocha a phreabadh ar an uisce nó mar thóraíocht ar sheana-stair na hÉireann.

Deirtear go raibh pobal Críostaithe sa Sean Phobal níos mó ná 100 bliain roimh Naomh Pádraig. Ar an slí tá Fulacht Fiadh, seana-thigh an Gharda Chósta agus Galláin ina seasamh go ciúin balbh sna páirceanna. Smaoinigh ar an bpobal a bhíodh ina gcónaí ann fadó agus a thréig an áit in aimsir an ghorta, gan fágtha anois ach Tigh Tom Carty ar imeall na trá.

Bígí ag faire amach roimh dheireadh na siúlóide don gCloch Aifrinn atá sa pháirc chéanna leis an seana-fhothrach Tigín Ghleann Anna nó an Stábla a bhfuil cuma caisleán air! Tá an oiread le feiscint ar an tóraíocht seo – b'fhéidir gur fearr í a dhéanamh fé dhó nó fé thrí! Bí réidh chun sos a thógaint ar an dtráigh.

| | |
|---|---|
| Siúlóid | Gleann Anna |
| Gaeltacht | An Sean Phobal |
| Fad | @ 3½km |
| Am | @1 uac |
| Deacracht | Gairid agus aclaí |
| Eolas eile | Bóthar & tráigh |

Beirigí libh an bhileog seo agus téigí ar Thóraíocht Teaghlaigh ar Ghleann Anna, An Sean Phobal. Siúlóid aoibhinn í seo ina bhfuil ana-chuid des na hiontaisí thíos le feiscint, le cloisint, le mothú agus le bolú. Aimsigh an méid agus is féidir libh!





## De shiúl na gcos:

- ☐ Áth na habhann
- ☐ Tigh Ghleann Anna
- ☐ Cloch Aifrinn
- ☐ Eidhneán
- ☐ Crainn an-aosta

## Féach fút agus tharat:


- ☐ Faill na Rón
- ☐ Tigh an Gharda Chósta [Swiss Cottage]
- ☐ Fothrach Ghleann Anna
- ☐ Droichead Bhaile Mhic Airt

## Tóg boladh uaidh:

- ☐ Aiteann
- ☐ Trioscar

## Leag lámh air:

- ☐ Grianchloch
- ☐ Adhmad raice
- ☐ Seana-ghaineamhchloch rua
- ☐ Cloch na Caillí
- ☐ Gloine farraige
- ☐ Sliogán



## Éistigí:

- ☐ Glór na habhann
- ☐ Méileach na gcaorach
- ☐ Faí faoileán
- ☐ Fuaim na farraige
- ☐ Ceol na n-éan

Ainm an teaghlaigh:

.................................................................

Gaeltacht na Déise
Co. Phort Láirge